



# Eleathanach 409



Dé Luain, an 4 Aibreán 2022

## Oscars do scannáin ó 2021

Dé Domhnaigh seo caite bhí ócáid mhór ar siúl i Los Angeles - na hOscars. De ghnáth, tar éis na hócáide bíonn gach duine ag labhairt faoi na buaiteoirí, ach i mbliana bhí eachtra chonspóideach ar an oíche.

Bhí Chris Rock ag magadh faoi dhaoine éagsúla agus é ar an ardán. Rinne sé magadh faoi Jada Pinkett-Smith toisc go bhfuil a cuid gruaige an-ghearr. Ach tá galar uirthi agus titeann a cuid gruaige dá ceann. Labhair Jada Pinkett-Smith go poiblí roimhe seo mar gheall ar a cuid gruaige.

Níor thaitin an magadh seo le Jada nó lena fear céile Will Smith. Ach bhí iontas an domhain ar an lucht féachana nuair a bhuaigh Will Chris Rock san aghaidh. Ina dhiaidh sin, bhuaigh Will Smith an Oscar don aisteoir is fearr, ach is beag duine a bhí ag labhairt faoi sin ó shin.

Ghabh Will Smith leithscéal poiblí le Chris Rock i rith na seachtaine. Thuig sé nach raibh a iompar oiriúnach nó ceart. Oíche an-drámatúil a bhí ann!



## An mbeidh imreoirí peile nua ag imirt le foireann Barcelona?

Tá Barcelona ag iarraidh imreoir nua a mhealladh. Tá scéal ann go bhfuil siad ag iarraidh tosaí a mhealladh ón tsraith Ghearmánach. Robert Leawdolski is ainm dó. Is imreoir den scoth é. Níl daoine cinnte an mbeidh Leawdolski ag iarraidh bogadh ón nGearmáin.

Mura meallann Barcelona Robert Leawdolski, beidh siad ag dul sa tóir ar Mohamed Salah, imreoir Éigipteach a imríonn do Learpholl.

Tá fadhb mhór ag Barcelona. Níl a lán airgid acu chun imreoirí a mhealladh chuig an gclub. Mar sin, go dtí go bhfuil conradh sínithe, níl sna scéalta seo ach ráflaí! Seans nach bhfuil aon fhírinne iontu!



## Ainm nua i nGaeilge na hAlban ar dhineasár

In 2017, tháinig taighdeoirí ar iontaise dhineasáir ar chósta oileáin in Albain. Rinne siad scrúdú uirthi ó shin agus is cosúil gur cineál nua dineasáir é.

Mar sin, bhí orthu ainm nua a thabhairt ar an dineasár, agus shocraigh siad ainm a thabhairt air i nGaeilge na hAlban: *Dearc sgiathanach* (rud a chiallaíonn **earc** (= reptíl) **sciathánach** i nGaeilge na hÉireann).

Léiríonn an t-ainm go raibh sciatháin ar an dineasár agus gur cosúil go raibh sé in ann eitilt. Ceapann na taighdeoirí gur mhair an *Dearc sgiathanach* 170 milliún bliain ó shin.

Is cosúil go raibh an t-uisce deas te san fharraige in Albain ag an am sin agus léiríonn fiacla an dineasáir gur dócha gur mhair siad ar éisc agus ar bhia eile ón bhfarraige.



sciathán